# **Polasaí garchabhrach na scoile**

- Coinnítear na boscaí garchabhrach sa chófra garchabhrach nó sa seomra foirne i gcónaí. Tógtar ceann de na boscaí ar thurasanna nuair a imíonn grúpa ar bith ón scoil ag imirt cluichí &rl

- 'Sé an múinteoir i bhfeighil na bpáistí ag an am a bhíonn freagrach as céad mheasúnú a dhéanamh ar ghortú ar bith a tharlaíonn do dhalta atá faoina chúram. Má bhíonn ceist nó amhras ar bith ar an múinteoir faoi ghortú, ba cheart dul i gcomhairle le duine eile ar an bhfoireann nó leis an bpríomhoide.

- Má tá mionghortú i gceist agus gá le garchabhair bhunúsach (glanadh agus bindealán) ba cheart an dalta a thabhairt chuig an stáisiún garchabhrach taobh leis an doras cúil, áit a bhfuil an bosca garchabhrach. Ba cheart miotóga a chaitheamh i gcónaí agus gan ach uisce a úsáid le glanadh a dhéanamh.

- I gcásanna go meastar go bhfuil gortú tromchúiseach ann cuirtear fios ar na tuismitheoirí láithreach agus déantar cinneadh tar éis dul i gcomhairle leo faoin mbealach is fearr déileáil leis an dalta. Moltar do thuismitheoirí a theacht chun na scoile chun an dalta a thabhairt abhaile nó chuig an dochtúir clainne áitiúil.

- Nuair nach féidir teagmháil a dhéanamh leis na tuismitheoirí, nó leis an duine atá ainmnithe *in loco parentis* ar an bhfoirm iarratais, agus go bhfuil cúram leighis ag teastáil go soiléir ón dalta is féidir leis an bpríomhoide an cinneadh a dhéanamh an dalta a thabhairt go dtí an dochtúir clainne más é/í is feiliúnaí nó díreach chuig an ospidéal más gá.

- I gcás a gceaptar go mbeadh contúirt ann othar a chorraí nó a bhogadh, cuirtear fios ar otharcharr. Déantar an cinneadh tar éis dul i gcomhairle leis an bpríomhoide.

- Coinnítear cuntas i scríbhinn i leabhar na dtimpistí d'aon timpiste nó gortú nach mionghortaithe iad. Scríobhann an múinteoir atá ar dualgas an tuairisc, ag líonadh isteach na sonraí uile ar theimpléad na scoile maidir le Tuairisc ar thimpiste.

## ➢ **School First Aid Policy**

- First aid kits are always kept in the first aid press and in the staffroom. A kit is taken on tours and outings.

- The teacher in charge is responsible for making the first call in determining an injury to any of his/her pupils. If the teacher is in any doubt as to the nature of the injury, he/she should take advice from another staff member or from *An Príomhoide.*

- In cases of minor injury and basic first aid, the child should be brought to the first aid station beside the back door of the school where the first aid press is located. Gloves should be worn and water only used to clean cuts or grazes.

- In cases of injury of a more serious nature, parents will be contacted immediately, and a decision can be made as to how to proceed in conjunction with parental advice. Parents are advised to come to the school to take the child for suitable treatment or to take him/her home.

- When parents or the *named person to be contacted in an emergency* cannot be reached, and medical help is obviously required, *An Príomhoide* may take the decision to take the child to the GP if suitable or directly to the hospital in necessary.

- If it is deemed dangerous to move the patient, an ambulance will be called. This decision will be made in conjunction with *An Príomhoide.*

- Any injury, determined not to be a minor one, should be logged in the Accident Book/ *Leabhar na dTimpistí .* The teacher on duty should write a report of the accident using *the School accident report form* .